

ELeathanach349

Dé hAoine, an 1 Bealtaine 2020

Tá BGT ar ais

Tá BGT ar ais! Bíonn an clár ar siúl gach Satharn. Is iad Simon Cowell, Amanda Holden, Alesha Dixon, and David Walliams na moltóirí agus is iad Ant agus Dec na láithreoirí.

Bhí buachaill óg ar an gclár an Satharn seo caite. Aidan Mc Cann is ainm dó. Tá sé 10 mbliana d'aois. Tá cónaí air i Má Nuad, Contae Chill Dara.

Is draíodóir é Aidan. Cheap na moltóirí go raibh sé thar cionn. D'éirigh leis áit a fháil sa chéad bhabhta eile. Is breá le hAidan an draíodóir Keith Barry. Comhghairdeas Aidan!



An Dochtúir Niamh - Comhairle agus Spraioi

Conas atá sibh a pháistí? Cad atá ar siúl agaibh sa bhaile?

Seo rudaí éagsúla a dhéanaim sa bhaile. Glacaim grianghraif de na crainn agus de rudaí áille sa nádúr. Is breá liom an nádúr.

Chuir mé an cárta poist 'Ag Seoladh Grá' chuig m'aintín i gContae Laoise. Ní fhaca mé í le tamall fada agus theastaigh uaim grá a sheoladh chuici!

Chuir mo chol ceathracha ceolchoirm bhreá ar siúl ar líne an tseachtain seo caite. D'éist mé leo ag canadh. Tá siad 12 bhliain d'aois. Ba cheolchoirm iontach í.

Tá mé fós ag obair agus labhraím go minic leis na páistí agus leis na tuismitheoirí trí fhíseáin. Bíonn spraioi againn le chéile agus mothaíonn siad níos fearr tar éis dóibh labhairt liom.



#FanSaBhaile
#AgSeoladhGrá
#Nádúr

Foclóir Nua ar RTÉ

Tá foclóir Béarla ar RTÉ agus cabhraíonn sé le páistí na téarmaí nua a thuiscint maidir leis an víreas corónach.

<https://trte.rte.ie/news2day/2020/04/08/covid-19-dictionary-for-kids/>

Tá téarmaí as Gaeilge ar fáil ar Raidió Rí-Rá freisin.

Seo cúpla focal Gaeilge a chabhróidh libh freisin.

Scaradh sóisialta: Fanacht 2 mhéadar ó dhaoine eile.

Foireann túslíne: Na dochtúirí agus na haltraí a chabhraíonn le daoine a bhfuil an víreas corónach orthu.

EDS - an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: Na dochtúirí is fearr ar domhan a thugann comhairle do na rialtais faoi chúrsaí sláinte.

